In ómós Martin McGuinness

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na daoine iomráiteacha ar fad a thug ómós do Martin McGuinness. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin bpolaiteoir cáiliúil sin leis an duine in aice leat.



Ceist 2 Féach ar an mír uair amháin gan aon ní a bhreacadh síos. Ansin, féach ar na focail agus na frásaí thíos a bhí le cloisteáil inti. An bhfuil siad ar eolas agat? Pléigh na cinn is deacra leis an duine in aice leat.

1. comhbhrón _____
2. príomh-idirghabhálaí _____
3. Comhaontú Aoine an Chéasta _____
4. ar son athmhuintearais _____
5. fathach _____
6. lorg buan _____
7. crógacht, misneach agus stuaim _____
8. breithiúnais _____
9. ó choimhlint go síocháin _____
10. ceannaireacht _____

Anois, féach ar an tuairisc den dara huair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint arís sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den tríú huair agus déan iarracht na nithe a dúradh faoi Martin McGuinness a mheaitseáil leis na daoine cuí.

a. Gerry Adams	1. D'fhág sé lorg buan ar an bpolaitíocht.
b. Michelle O'Neill	2. Bhí ionchur riachtanach agus stairiúil aige sa phróiseas síochána.
c. John Hume	3. Léirigh McGuinness meas ar a athair.
d. Maurice Hayes	4. D'oibrigh sé ar son na síochána agus bhí grá mór aige dá chlann agus do mhuintir Dhoire.

e. Arlene Foster	5. Chreid McGuinness i dtodhchaí roinnte.
f. Ian Óg Paisley	6. B'fhear stuama é McGuinness a thréig an gunna chun dul i dtreo an daonlathais.
g. Theresa May	7. Bhí a cheannaireacht riachtanach don tsíocháin.
h. Tony Blair	8. Laoch a bhí ann agus fear mór i bpolaitíocht na tíre.
i. Bill Clinton	9. Beidh breithiúnais éagsúla ar a ról sa stair, ach is cinnte go raibh ról suntasach aige sa phróiseas chun síocháin a bhaint amach.

a	b	c	d	e	f	g	h	i

Ceist 4 Scríobh síos teidil chearta na ndaoine tábhachtacha seo a luadh sa mhír:

- *Mícheál Ó hUiginn* _____
- *Enda Kenny* _____
- *Martin McGuinness* _____
- *Gerry Adams* _____
- *Theresa May* _____

Ceist 5 Aimsigh na focail/na frásaí sa mhír a bhfuil malairt bhrí acu leis na cinn thíos.

- thoir agus thiar
- leamh
- sealadach
- uathlathas
- neamhriachtanach

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar pholaiteoir maith é Martin McGuinness, dar leat? Cén fáth?
2. An mbeidh Éire Aontaithe againn go deo, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1. comhbhrón	*condolence, sympathy*
2. príomh-idirghabhálaí	*main intermediary, go-between*
3. Comhaontú Aoine an Chéasta	*Good Friday Agreement*
4. ar son athmhuintearais	*for reconciliation*
5. fathach	*giant*
6. lorg buan	*permanent mark/impression*
7. crógacht, misneach agus stuaim	*bravery, courage and level-headedness/ prudence*
8. breithiúnais	*judgments*
9. ó choimhlint go síocháin	*from conflict to peace*
10. ceannaireacht	*leadership*

Ceist 3
a – 4, b – 8, c – 1, d – 6, e – 9, f – 3, g – 2, h – 7, i – 5

Ceist 4

Mícheál Ó hUiginn	*Uachtarán na hÉireann*
Enda Kenny	*An Taoiseach*
Martin McGuinness	*Iar-LeasChéad-Aire an Tuaiscirt*
Gerry Adams	*Uachtaran Shinn Féin*
Theresa May	*Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe*

Ceist 5

thoir agus thiar	→	thuaidh agus theas
leamh	→	paiseanta
sealadach	→	buan
uathlathas	→	daonlathas
neamhriachtanach	→	riachtanach

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá comhbhrón curtha in iúl ag an Uachtarán, Michael D. Higgins, ag an Taoiseach, Enda Kenny, agus ag polaiteoirí thuaidh agus theas le muintir Martin McGuinness, Iar-LeasChéad-Aire an Tuaiscirt. Sé bliana le cois na trí scór a bhí sé. Chaith sé a óige san IRA sular thug sé faoi bhóthar na polaitíochta le Sinn Féin. Ba é príomh-idirghabhálaí na bPoblachtánach[1] é, nuair a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta i 1998.

Áine Ní Ghallchóir
Bhí baill dá theaghlach thart air nuair a fuair Martin McGuinness bás in Otharlann Altnagelvin[2], ina chathair dhúchais, Doire, luath ar maidin. Sé bliana is trí scór a bhí sé. Dúirt a chomrádaí, Uachtarán Shinn Féin, Gerry Adams, nach mbeadh muid san áit ina bhfuil muid gan Martin McGuinness.

Gerry Adams, Uachtarán Shinn Féin
Poblachtóir[3] paiseanta a d'oibrigh gan sos ar bith ar son síochána, saoirse agus ar son athmhuintearais, agus ar son athaontú na tíre. Ach, thar rud ar bith eile, bhí grá agus bród mór aige ar a chlann agus ar mhuintir Dhoire.

Áine Ní Ghallchóir
Dúirt Ceannaire Shinn Féin ag Stormont, Michelle O'Neill, go bhfuil a croí briste. Dúirt sí gur chaill muid laoch, fathach d'fhear i bpolaitíocht na tíre. Dúirt Iar-Cheannaire an SDLP, John Hume, gur fhág sé lorg buan ar an pholaitíocht in Éirinn.

Maurice Hayes, Iar-Sheanadóir
Thaispeáin sé crógacht agus misneach agus stuaim. Agus bhíodh an jab a bhí aige i dtosach báire istigh … laistigh, de na *provos* – na daoine seo a bhí cloíte leis an ngunna[4] – chun an gunna a fhágáil[5] agus glacadh leis an daonlathas…. agus nuair a thosaigh sé ar an mbóthar sin, chloígh sé leis. Fear a dhein a chion féin ar ár son go léir.

Áine Ní Ghallchóir
Béarfaidh an stair breithiúnais éagsúla ar Martin McGuinness, a dúirt Arlene Foster, ceannaire an DUP, ach léireoidh sí fosta chomh suntasach is a bhí a ról sa tsíocháin anseo.

Dúirt Ian Óg Paisley go raibh meas aige ar dhuine ar bith a léirigh meas dá athair.

Dúirt Príomh-Aire na Breataine, Theresa May, go ndearna Martin McGuinness ionchur riachtanach agus stairiúil sa turas ó choimhlint go síocháin.

Bhí crógacht agus ceannaireacht s'aige riachtanach don tsíocháin, a dúirt Iar-Phríomh-Aire na Breataine, Tony Blair.

Dúirt Iar-Uachtarán Mheiriceá, Bill Clinton, gur chreid Martin McGuinness sa todhchaí roinnte, ceacht ar chóir dúinn uilig[6] a chleachtadh anois.

Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

---

[1] *Poblachtach* an leagan caighdeánach
[2] *Allt Mhic Dhuibhleacháin* an leagan Gaeilge
[3] *Poblachtach* an leagan caighdeánach
[4] *cloíte don ghunna* a deirtear
[5] *a d'fhágáint* a deirtear
[6] *uile* an leagan caighdeánach